

BARR NA BHFORMAÍ

Tá Barr na bhFormaí ó thuaidh de Sheana Fearacháin agus de Thamhain a' Lín – soir-dtuaidh uaidh atá na Deirceanna. Tá sé dhá mhíle ar leithead ar a bharr. Tá gleannta Chondae Mhuigheo sínte leis. Is mór an gleann é Gleann Cuilinn. Tá sé sínte le taobh na deirce. Gleann mór caorach é, gan duine ar bith ina chomhnaidhe ann.

Tá Gleann Beag ar an taobh ó thuaidh de Chill Bríde. Tá cnoc idir Gleann Beag agus Finigh. Míle soir ó Seana Fearacháin tá bothar a' gul tríd an Doire go Tuar Mhic Éide. Ar an mbóthar sin tá Mám Treasna leith-mhíle suas ó Fhineacha. Ó thuaidh den bhóthar atá an Doire agus Barr na bhFormaí.